AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.6.2026
COM(2026) 295 final

2026/0159 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le leasú ar Chinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle[1] maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe.

Leis an togra seo, féachtar le Cinneadh (AE) 2021/1875 a leasú trí shíneadh a chur lena chur i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2038.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tháinig an Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile ('an Comhaontú Trádála agus Comhair')[2] i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2021, agus bunaítear leis go bhfuil an tAontas agus an Ríocht Aontaithe le comhairliúcháin bhliantúla a reáchtáil chun teacht ar chomhaontú faoi na TACanna is infheidhme maidir le stoic chomhroinnte le haghaidh na bliana nó na mblianta dár gcionn de bhun Airteagal 498. Téann an Coimisiún, thar ceann an Aontais, i mbun na gcomhairliúchán bliantúil sin leis an Ríocht Aontaithe.

An 22 Deireadh Fómhair 2021 ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1875, lena leagtar amach an nós imeachta, mar aon le prionsabail agus treoshuíomhanna an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic chomhroinnte, lena n-áirítear stoic dhomhainfharraige, faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair. Go háirithe, le Cinneadh (AE) 2021/1875 údaraítear an Coimisiún le dul i mbun na gcomhairliúchán sin agus foráiltear leis go mbeidh seasamh an Aontais bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil, ar an gcur chuige réamhchúraim, agus ar an gcuspóir maidir le stoic a athbhunú agus a chothabháil os cionn leibhéil ar a mbítear in acmhainn an uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh. Dá bhrí sin, cuirtear chun feidhme le Cinneadh (AE) 2021/1875 prionsabail agus treoshuíomhanna an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 iad, agus go háirithe in Airteagail 2, 28 agus 33 de. Cuirtear chun feidhme leis freisin forálacha na bpleananna ilbhliantúla mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/973 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh[3] agus i Rialachán (AE) 2019/472 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair[4].

---

1 Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lgh. 6–11; ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1875/oj).

2 An Comhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (IO L 149, lgh. 10–2539; ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2021/689(1)/oj).

3 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 676/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle, IO L 179, 16.7.2018, lgh. 1-13; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/973/oj).

4 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE)

Thairis sin, leagtar amach ann na prionsabail agus na socruithe chun na comhairliúcháin a ullmhú agus a dhéanamh, lena n-áirítear comhordú leis an gComhairle agus faisnéis do Pharlaimint na hEorpa, agus ceadaítear leis seasamh an Aontais a thabhairt cothrom le dáta i bhfianaise comhairle eolaíoch nua nó forbairtí eolaíocha nua le linn na gcomhairliúchán.

Rinneadh athbhreithniú ar Chinneadh (AE) 2021/1875 i mí Iúil 2023, agus é d'aidhm aige sin a mheas an ndearnadh an Cinneadh ón gComhairle oibríochtúil go dtí an pointe sin agus an ndearnadh na comhairliúcháin leis an Ríocht Aontaithe i gcomhréir leis na prionsabail agus na treoshuíomhanna a bunaíodh ann. Cinneadh san athbhreithniú nach raibh gá le haon leasú agus níor sainaithníodh aon saincheist cur chun feidhme. Déantar an plé bliantúil maidir leis an gcomhairliúchán i gcomhréir leis na seasaimh a bhunaigh an Chomhairle agus na prionsabail agus na treoshuíomhanna a bunaíodh i gCinneadh (AE) 2021/1875 á gcomhlíonadh. Ullmhú an chomhairliúcháin bhliantúil maidir le deiseanna iascaireachta, is rud é a dhéantar i Meitheal na Comhairle um an mBeartas Iascaigh agus leanann sé an próiseas a bhunaítear faoi Airteagal 2 de Chinneadh (AE) 2021/1875. Meastar go bhfuil Cinneadh (AE) 2021/1875 fós oiriúnach dá fheidhm agus nach mbeadh gá le haon leasú ag an gcéim seo.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

De bhun Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe. Dá bhrí sin, na seasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta de bhun an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair, glactar iad de bhun Airteagal 218(9) CFAE.

Le Cinneadh (AE) 2021/1875 bunaítear na prionsabail agus na treoshuíomhanna le haghaidh an tseasaimh atá le glacadh ag an Aontas le linn na gcomhairliúchán bliantúil leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta, go háirithe gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú le haghaidh stoic chomhroinnte, agus é á áirithiú an tráth céanna go leanfaidh an Coimisiún agus an Chomhairle de bheith comhordaithe go hiomchuí.

Ós rud é gur léiríodh go bhfuil Cinneadh (AE) 2021/1875 oiriúnach dá fheidhm, is é is aidhm don togra seo síneadh a chur le cur i bhfeidhm Chinneadh (AE) 2021/1875 go dtí an 30 Meitheamh 2038, chun an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe a bhunú, ós rud é gur cheart toradh na gcomhairliúchán sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh*

2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle, IO L 83, 25.3.2019, lgh. 1–17; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/472/oj).

a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

I gcomhréir leis an gComhaontú Trádála agus Comhair, rachaidh an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhairle le chéile maidir le bainistiú comhpháirteach acmhainní comhroinnte bitheolaíocha na mara (go háirithe bainistiú stoc éisc comhroinnte). Tá an oibleagáid sin i gcomhréir le hAirteagal 63 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige.

Tá na comhairliúcháin bhliantúla ag teastáil chun go gcomhaontóidh na páirtithe maidir le deiseanna iascaireachta agus coinníollacha a bhfuil dlúthbhaint acu leis na deiseanna sin de bhun Airteagal 498(2), Airteagal 498(4) (a) go (d) agus Airteagal 498(6) den Chomhaontú Trádála agus Comhair.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an Chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe le socrú na ndeiseanna iascaireachta bliantúla maidir le stoic a roinntear idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 43(3) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 43(3) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0159 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Cinneadh 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(3), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 22 Deireadh Fómhair 2021 ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/1875[1], lena leagtar amach na prionsabail agus na treoshuíomhanna le haghaidh an tseasaimh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic chomhroinnte, lena n-áirítear stoic dhomhainfharraige, faoi Airteagal 498 den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile (‘an Comhaontú Trádála agus Comhair’)[2]. Sa phróiseas sin, téann an Coimisiún i mbun na gcomhairliúchán thar ceann an Aontais ar bhonn sheasaimh an Aontais arna sonrú ag an gComhairle faoi fhorálacha ábhartha an Chonartha, agus dlúthchomhar á áirithiú aige leis an gComhairle agus lena comhlachtaí ullmhúcháin, i gcomhréir le prionsabal an chomhair dhílis idir institiúidí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 13(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

(2) Rinneadh athbhreithniú ar Chinneadh (AE) 2021/1875 i mí Iúil 2023 agus thángthas ar an gconclúid nach raibh gá le haon leasú. Ós rud é nár sainaithníodh aon saincheist cur chun feidhme ó shin, tá Cinneadh (AE) 2021/1875 fós oiriúnach dá fheidhm.

(3) Rachaidh Cinneadh (AE) 2021/1875 in éag an 30 Meitheamh 2027. Is iomchuí, dá bhrí sin, síneadh a chur lena chur i bhfeidhm maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic chomhroinnte, ós rud é gur cheart toradh na gcomhairliúchán sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.

(4) Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach Chinneadh (AE) 2021/1875. Ba cheart a mheas san athbhreithniú an bhfuil gá le haon

[1] Cinneadh (AE) 2021/1875 ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sna comhairliúcháin bhliantúla leis an Ríocht Aontaithe chun teacht ar chomhaontú maidir leis na gabhálacha iomlána incheadaithe (IO L 378, 26.10.2021, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/1875/oj).

[2] IO L 149, 30.4.2021, lch. 10.

leasú agus, más iomchuí, ba cheart togra le haghaidh leasú a bheith ag gabháil leis an athbhreithniú.

(5) Tá Parlaimint na hEorpa le cur go hiomlán ar an eolas láithreach, mar a fhoráiltear in Airteagal 218(10) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (AE) 2021/1875 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear, leis seo, Cinneadh (AE) 2021/1875 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

‘Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 30 Meitheamh 2038.

Déanfaidh an Chomhairle é a mheasúnú de réir mar is gá agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sí é a athbhreithniú ar thogra ón gCoimisiún. Déanfar athbhreithniú in aon chás faoin 31 Nollaig 2036.’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán